Agóid Bóiṫre Gaeltaċt Ṁuiġeo

Seaċtar Fear Daorṫa Ċun Príosúin

Droċ Stáid na mBóiṫre Admaiṫe i gCúirt Oscailte

Tugaḋ cás na mbóiṫre i gceantar Iorras ós comair pobal na tíre ar fad le linn an ċúirt dúiċe i mBéal an Ṁuirṫid an tseaċtain seo caite, ós comair an giúistís A. C. Mac Maṫúna.

D'éiriġ na cúiseanna i gcoinniḃ 11 cosantóirí as paráid agóide a rinne siad ó ceantar Rosdumaċ, Port Orlainn agus Ceaṫrú Ṫaiḋg, isteaċ go dtí Caisleán an Ḃarraiġ, le taispeáint do gárdaí agus eile naċ raiḃ siad ag íoc cánaċa ar biṫ i mbliana go gcuirfí caoi ceart ar na bóiṫre.

hInnseaḋ don Cúirt naċ raiḃ sé ar intinn ag na cosantóirí cáin a íoc go dtí go mbeaḋ bóiṫre cearta isteaċ go dtí a gcónaiṫe féin agus go n-íocfaḋ siad an ċáin gan trioblóid ar biṫ ansin.

Ba é an fear céanna, Caoiṁín Mac Caṫṁaoil, Aturnae, Béal Áṫa na Muice, a ḃí dá gcosaint, agus rinne sé an cosaint ar fad as Gaeilge.

Aċ níor h-éisteaḋ na cúiseanna as Gaeilge, agus b'éigin do M. S. Ó hÉigeartaiġ, Cléireaċ Cúirte, gnó fear teangan a ḋéanaṁ.

Is ceist ar ṁaiṫ le pobal na hÉireann an freagra a ċlos, cé'n fáṫ arḃ ġá fear teangan? An é an Giúistís a raiḃ fear teangan ag teastáil uaiḋ, nó arḃ iad na cúisiṫeoirí?—sé sin Aturnae an Stáit nó na Gárdaí.

Agus ṫairis sin arís, an aṁlaiḋ go ḃfuil an Stát ag leanúint den ráiteas éagóraċ a rinneaḋ i mBaile Áṫa Cliaṫ, naċ raiḃ dualgas ar an Stát duine do ċúisiú ina ṫeanga féin?

Nuair a glaoḋ na cúiseanna ar tús, dúirt an Ceannfort Uilson, gur ṁaiṫ leis dá tóġairm a ṫarraingt siar i gcoinniḃ Peadar Mac Aindriú agus ceann i gcoinniḃ Pilib Mac Aindriú agus P. S. Garḃáin, toisc go raiḃ aṁras air faoi an tseirḃís. D'iarr sé ar an Giúistís Mac Maṫúna an tóġairm seo a ṫarraingt siar agus go dtaḃarfaḋ sé ós coṁair na Cúirte arís iad. Dúirt an tUasal Mac Caṫṁaoil go raiḃ sé sásta glacaḋ go raiḃ an tseirḃís ceart agus go raċfaḋ sé ar aġaiḋ leo.

An Giúistís — Ní ġlacfaiḋ mé iad le céile. Glacfaiḋ mé iad ceann agus ceann de réir mar tá siad ar na leaḃair.

Ḃí an céad cás i gcoinniḃ Annraoi Ó Corrduiḃ, Ros Duṁaċ. Dúirt an Sáirsint Ó Caṫasaiġ, Béal an Ṁuirṫid, gur stop sé an fear seo ar an 30ú lá do Eanair. Ní raiḃ cáin ar biṫ ar taispeáint. Ċuir mé ċeist ar an tiománaí cad ċuige agus dúirt sé gur mar ġeall ar droċ stáid na bóiṫre insan ċeantar.

Paráid

An tUasal Mac Caṫṁaoil — An raiḃ ḟios agat roiṁré go raiḃ paráid le ḃeiṫ ann?

An Fianaise—Ḃí ḟios agam.

An ḃfuil eolas agat ar na bóiṫre go Ros Duṁaċ, Port Orlainn agus Ceaṫrú Ṫaiḋg? — Tá siad go h-olc.

An gcuirfeaḋ sé iontas ort nár ḟéad lorraí ola dul tríd go Ceaṫrú Ṫaiḋg de ḃárr an droċ ḃóṫar?

Ní ċuirfeaḋ sé iontas dá laġad orm.

Agus ní ṫiocfaiḋ le siopaí taisteál dul tríd aċ an oiread— Ní ṫiocfaiḋ leis na cinn ba troime.

Ar ċuala tú gur sáiṫeaḋ ceann acu insan ḃóṫar?

An Fianaise — Níor ċuala mé sin.

Tá timpeall 40 feiṫiclí ins na ceantair seo? — Timpeall agus an méid sin.

Íocann siad timpeall £800 nó £900 eatarṫa i gcáin ċuile ḃliain? Méid measarṫa mór é sin, agus tá iascaireaċt ag dul ċun tosaí sa ċeantar coṁ maiṫ. Tá timpeall 100 fear ag iascaireaċt san ċeantar.

An Sáirsint Ó Caṫasaiġ—Tá.

An tUasal Mac Caṫṁaoil—Tá sé deacair ag lorraiṫe dul isteaċ.

An Sáirsint Ó Caṫasaiġ — Ċraiṫfeaḋ sé iad suas ceart go leor.

An tUasal Mac Caṫṁaoil — An ḃfuil ḟios agat go ḃfuil Comhairle Condae Ṁuiġeo sásta céiḃ a ġlacaḋ ansin anois. An ḃfaca tú na páipéir an tseaċtain seo caite?

An Sáirsint — Ní ḟaca. Níor léiġ mé é.

Ceantar Gaeltaċta

Dúraḋ go ḃfaiġeaḋ an Coṁairle Condae deontas agus naċ mbeaḋ costas ar biṫ ar na rátaí. Is ceantar Gaeltaċta é naċ ea?

An Sáirsint Ó Caṫasaiġ — Cuid de.

An tUasal Mac Caṫṁaoil — Ó tosaíoḋ ar an agóid seo deisíoḋ an bóṫar go Ros Duṁaċ.

An Sáirsint Ó Caṫasaiġ — Deisíoḋ.

An tUasal Mac Caṫṁaoil — Ṫáinig an tairgead ó Roinn na Gaeltaċta?

An Sáirsint — Ṫáinig.

An tUasal Mac Caṫṁaoil — Roiṁe sin ḃí an bóṫar ansin go dona freisin.

An Sáirsint — Ḃí.

Ag freagairt tuilleaḋ ceisteanna ón Ceannfort Uilson, dúirt an Sáirsint go raiḃ sé ar diúite ginearálta fá ġluaisteáin. Ḃí 8 carranna insan paráid agus ṫug siad uilig a n-ainmneaċa go fonnṁar.

Béarla

Ṫug Máire Nic Giolla Ṗádraig fianaise gur oifigeaċ í le Coṁairle Condae Ṁuiġeo, i mbun cáin gluaisteán. Ar an 4ú lá do Ṁeán Fóṁair, 1964, tugaḋ uiṁir cláraiṫe do Annraoi Ó Corrduiḃ, aċ níor cuireaḋ cáin ar an ċárr go dtí seo. B'é an ráta ḃliantúil ná £14-10-0.

Faoi ċros-ċeistniú ag an Uasal Mac Caṫṁaoil, dúirt M. Nic Giolla Ṗádraig, go raiḃ an t-ainm Enrí Corrouff, i mBéarla insan leaḃar s'aici-san.

Annraoí Ó Corrduiḃ

Ṫug an cosantóir Annraoi Ó Corrduiḃ fianaise gur múinteoir náisiúnta a ḃí ann ag Ros Duṁaċ insan Ġaeltaċt. De ṫairḃe an bóṫar ċuig a ṫiġ féin dúirt sé go raiḃ sé go maiṫ anois le cúpla mí. Roiṁe sin, ḃí sé ċoṁ h-olc agus go raiḃ sé ró ċostasaċ cárr a ċoiméad air. Ḃí an scéal céanna aṁlaiḋ le Port a' Ċluaiḋre, Port Orlainn agus Ceaṫrú Ṫaiḋg. Blianta roiṁe sin, ḃí an bóṫar go Gleann na Muaiḋe go h-an olc, agus diúltaiġ seisean cáin a íoc ar a ċárr. Tugaḋ os coṁair na cúirte é agus cáineaḋ é. Diúltaiġ sé an ċáin a íoc agus cuireaḋ go príosún é.

Lean sé—Lig siad amaċ mé ar ordú ón Árd Ċúirt. Taréis sin, deisíoḋ an bóṫar. Ón am sin, níor dearnaḋ rud ar biṫ leis na bóiṫre, cé go ḃfuair muid geallúint ag an am go ndéanfaí na bóiṫre eile. Rinneaḋ seaċt míle in oċt mbliana, aċ tá timpeall seaċt míle eile do ḃóṫar le déanaṁ fós, adúirt sé.

Roinn na Gaeltaċta

D'inis sé don Ċúirt go raiḃ sé ṫíos i bPort Orlainn ag socráid, agus go raiḃ an bóṫar ċoṁ h-olc agus gur b'éigin dó stopaḋ. Ḃris fear aṁáin sump a ġluaisteáin air an tseaċtain roiṁe sin. Ba é an cás ċéanna é i gCeaṫrú Ṫaiḋg agus dúirt sé — Ní féidir go díreaċ cárr a ṫiomáint 10-15 míle gan doċar a ḋéanaṁ.

Ag leanúint dá ḟianaise, dúirt sé gur scríoḃ sé ċuig Roinn na Gaeltaċta é féin ag iarraiḋ orṫa rud éigin a ḋéanaṁ faoi stáid na mbóiṫre, agus go dearnaḋ an bóṫar go Ros Duṁaċ. Ċuala sé naċ dtiocfaiḋ le lorraiṫe earraí a ṫeaċt insan ċeantar mar ġeall ar na bóiṫre.

20 Bliain le Déanaṁ

Nuair a h-éisteaḋ an cúis ina ċoinniḃ oċt mbliana ó ṡoin, dúirt an t-Innealtóir Condae, T. P. Ó Flanagáin, B.E., go nglacfaḋ sé 20 bliain sula mbeaḋ sé déanta. Ḃí roinnt ṁaiṫ feilméaraí agus iascairí insan ċeantar. Ḃí an 100 nó níos mó iascairí ag díol a gcuid éisc i mBaile Áṫa Cliaṫ agus ċaiṫfeaḋ lorraiṫe an t-iasc a iompar. Ḃí sé i gceist acu Coṁar Ċumann a ḃunú agus ċaiṫfí an t-iasc a ċur i mboscaí móra ar lorraiṫe móra agus ḃeaḋ bóiṫre maiṫe ag teastáil.

Dúirt an tUasal Mac Caṫṁaoil go raiḃ roinnt ṁaiṫ portaí insan ċeantar freisin agus go mbaintí cuid ṁór móna ann. Ní raiḃ na daoine a ḃí ag teaċt dá ceannaċt sásta an móin a ġlacaḋ ar na ḃiṫre. Dá mbeaḋ na bóiṫre níos fearr d'ḟéadfaí tionscail móna a ḃunú insan ċeantar, agus ḃeaḋ obair le fáil ag na daoine sa ḃaile.

Ag freagairt an Ceannfort Uilson, dúirt Ó Corrduiḃ naċ raiḃ cáin ar an ċárr.

Ní Raiḃ Siad Ann

Ag an ṗointe seo, dúirt an tUasal Mac Caṫṁaoil leis an Giúistís gur ċuir sé barrántas cúirte ar an Ḃainisteoir Condae agus an t-Innealtóir Condae le ḃeiṫ i láṫair, aċ ní ḟaca sé iad sa Ċúirt.

Dúirt Caoiṁín Loftus, Aturnae, Béal Áṫa an Ḟeaḋa, go ḃfuair sé litir ó Aturnae an Ċoṁairle Condae, an tUasal Ó Droiġneáin, i gCaisleán an Ḃarraiġ, inár dúraḋ go raiḃ Leas-Innealtóir Condae i láṫair le léarscáileanna mar ais don Ċúirt.

Ṫug an tUasal Ó Droiġneáin coṁairle don Ḃainisteoir agus don Innealtóir nár gá dóiḃ a ḃeiṫ i láṫair.

Dúirt an tUasal Mac Caṫṁaoil nár leor é sin.

Bainisteoir agus Innealtóir

An Giúistís — Naċ glactar leis naċ féidir le fiannaí teaċt go dtí an Ċúirt, agus naċ féidir iaċall a ċur air. Muna ḃfuil gléas taisteál aige ní féidir leis teaċt.

An tUasal Mac Caṫṁaoil — **Ṫiocfaiḋ leis an Ḃainisteoir ⁊ an t-Innealtóir caḃrú linn sa ċás seo.**

An Giúistís — Ṫiocfaiḋ leo fá droċ ċaoi na mbóiṫre, aċ níl baint aige sin leis an scéal i mó ṫuairmse. Ní ḋéanfainn ordú ag cur de iaċall ar ḟear a ḃeiṫ i láṫair muna mbeaḋ baint ag an scéal leis an ċás. Ní hé sin mo ḋualgas. Tá mo ḋualgas simplí anseo. **Tá coṁḃáiḋ an doṁain agam leis agus leis na daoine eile,** aċ ní hé mo ġnó réitiú faoi sin.

An tUasal Mac Caṫṁaoil — Níl an bainisteoir agus an t-Innealtóir ċoṁ boċt agus naċ dtiocfaḋ leo teaċt anseo.

An Giúistís — Tá áiteaċa eile go ḃféadfaí na ceisteanna seo a ṗlé.

An tUasal Mac Caṫṁaoil — Sa ċás deiriḋ, dúirt an t-Innealtóir condae naċ ndeiseófaí na bóiṫre go ceann fiċe bliain.

An Giúistís — An measann tú gur leiṫscéal stáid na mbóiṫre?

An tUasal Mac Caṫṁaoil — Tá muid anseo le cosaint a ḋéanaṁ. Measaimíd go ḃfuil leiṫscéal maiṫ againn.

An Giúistís — Is ionann an leiṫscéal agus laġdú ciontaċt.

Pleán Cúig mBlian

Ċuir Pádraic Mac Meanmain, innealtóir cúnta, plean cúig-blian a rinne an Coṁairle Condae os coṁair na Cúirte, agus ḃí Port a' Cluaiḋre ar an liosta do deisiúċán deireaḋ na bliana, 1965.

An tUasal Mac Caṫṁaoil — Cé'n stáid ina ḃfuil na bóiṫre ins na ceantair seo?

An tInnealtóir — Réasúnta. Níl na bóiṫre ró ṁaiṫ.

An tUasal Mac Caṫṁaoil — Ar scrúdaiġ tú iad?

An tInnealtóir — Scrúdaiġ, anois agus arís.

An tUasal Mac Caṫṁaoil — Naċ ḃfuil ceart aire fé leiṫ a ṫaḃairt do bóiṫre insan Ġaeltaċt.

An tInnealtóir — Níl ḟios agam faoi sin. Níl aon pleananna eile dó sin. Beiḋ Coṁairle Condae nua tófa an ḃliain seo ċugainn agus is orṫa-san a ḃéas sé na pleananna ṫarraingt suas.

An tUasal Mac Caṫṁaoil — Tá tú anseo ar son an Innealtóra Condae?

An tInnealtóir — Tá. Fuair mé treoir a ḃeiṫ i láṫair.

An tUasal Mac Coṫṁaoil — An féidir leat aon dóċas a ṫaḃairt do na daoine seo?

An tInnealtóir — Is don Coṁairle Condae dóċas a ṫaḃairt dóiḃ.

An tUasal Mac Caṫṁaoil — An é do ṫuairim gur ċeart rud éigin a ḋéanaṁ don Ġaeltaċt?

An tInnealtóir — Níl ḟios agam an ceart dom tuairim a ṫaḃairt ar sin ar ċor ar biṫ.

An tUasal Mac Caṫṁaoil — An ḃfuil an loċt ar an Ċoṁairle Condae?

An tInnealtóir — Ní dóiġe liom sin.

Bóiṫre is Measa Riaṁ

Ṫug Seán Paircéar, Bainisteoir Ceantair, don A.A. fianaise go raiḃ Annraoi Ó Corrduiḃ ina ḃall den eagras, agus go dtáinig sé anuas indiaiḋ litir a ḟáil uaiḋ le scrúdú a ḋéanaṁ ar na bóiṫre ins na ceantair ráite. Fuair sé amaċ go raiḃ an droċ ċaoi orṫa. Ḃí poill ar uaċtar agus roicneaċ treasna an ḃóṫair. Ní raiḃ siad aċ 9 troiġ ar leiṫéid. "Ḃí mé iontaċ cúramaċ ag tiomáint síos ansin mé ḟéin," ar seisean, 'agus níl aon ċuiṁne agam go raiḃ mé ariaṁ ar bóiṫre ċoṁ h-olc leo."

Fear Fóiġdeaċ

Dúirt an tUasal Mac Caṫṁaoil go raiḃ an ḟianaise céanna fá ċoinne na gcásanna eile. Ḃí gaċ duine ar aon intinn go raiḃ caoi millteanaċ ar na bóiṫre ⁊ go raiḃ sé an deacair úsáid ar biṫ a ḃaint astu.

Ag tráċt ar an cosantóir, an tUasal Ó Corrduiḃ, dúirt sé:

"Is fear iontaċ foiġdeaċ an cosantóir. Ṡeas sé suas do ḋaoine eile, agus ċuaiġ sé go príosún. Níor coirpeaċ ar biṫ a ḃí ann. Tá árd ṁeas air ina ċeantar. Is múinteoir náisiúnta é. Tá daoine ag caint fá cosaint an Iarṫair, aċ seo é an fear atá ag cosaint an Iarṫair ina ḃealaċ féin. Má ġeiḃeann sé toraḋ ó'n feaċtas seo, beiḋ feaḃsú ann do 1,500 daoine.

Dúirt an tUasal Mac Caṫṁaoil gur ḋíol an cosantóir a ċáin go hiomlán ins na blianta a ċuaiġ ṫart, agus dúirt sé go mbeaḋ sé díolta go h-iomlán inniu dá mbeaḋ sé ag fáil seirḃís ar biṫ. Ḃí réiteaċ na trioblóide seo go léir i láṁaiḃ an Ċoṁairle Condae. Tá an fear seo agus na daoine eile sásta an ċáin a íoc má níṫear réiteaċ, adúirt sé.

Dualgaisí

Dúirt sé go raiḃ an Ċoṁairle Condae sásta na céiḃeanna a ġlacaḋ anois agus go raiḃ súil aige go raiḃ siad sásta a ndualgaisí a ċoṁlíonaḋ. D'iarr sé ar an Giúistís Mac Maṫúna na pointí uilig a ġlacaḋ san ċuntas agus an ċáin a ba lú ab' ḟéidir a ċur orṫa.

Dúirt an Giúistís naċ cosaint ceart a ḃí ann. Déarfaiḋ mé, ar seisean, coṁ fada agus a ḃaineann liomsa de, gur cruṫaíoḋ naċ raiḃ na bóiṫre i gcaoi ceart, aċ ní gnó domsa é aċ do údarás eile ar fad. Tá mo coṁḃaiḋ féin leis an Uasal Ó Corrduiḃ. Aċ, is rud pearsanta é sin. Ní féidir liom é ċuntas insan ċás Cúirte seo. **Tá na fir seo ag obair ar feaċtas feaḃsaiṫe. Ṫiocfaiḋ liom sintiúis a ṫaḃairt dóiḃ mar** duine príoṁáideaċ, aċ mar Giúistís ní féidir liom an ċúirt a ċur taoḃ ṫiar den feaċtas.

Ċuir an Giúistís cáin £43, isliṫe go dtí £6, agus ṫug sé 7 lá leis an ċáin a íoc, nó 14 lá i bpríosún ina ionad.

Stopaḋ

Ṫug an Sáirsint Mac Ḟionntaiġ fianaise gur stopaḋ na cárranna uilig ar an 20ú Márta i mBeannċor, nuair a ḃí siad ar a mbealaċ go Caisleán an Ḃarraiġ, le dul ċuig Oifigeoirí an Coṁairle Condae.

Dúirt an Giúistís Mac Maṫúna ós rud é áur an ráiṫe céanna a ḃí ann, naċ gcuirfeaḋ sé aċ cáin 10s. le 7 lá le h-íoc, nó 7 lá i bpríosún.

(Ar lean. ar leath. 2)

Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhualadh.